

Treoirlínte

maidir le haistriú sonraí idir Stórtha Trádála faoi EMIR agus SFTR

Clár na nÁbhar

1	Raon feidhme.....	4
2	Tagairtí reachtacha, giorrúcháin agus sainmhínte	5
2.1	Tagairtí reachtacha	5
2.2	Giorrúcháin	7
2.3	Gluais coincheap agus téarmaí	8
3	Cuspóir.....	10
4	Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe	11
4.1	Stádas na dtreoirlínte	11
4.2	Ceanglais tuairiscithe	12
5	Leasuithe ar Threoirlínte maidir le haistriú sonraí idir Stórtha Trádála faoi EMIR....	12
5.1	Iarscríbhinn I - Nós imeachta chun sonraí a aistriú arna iarraidh sin ag rannpháirtí TR faoi EMIR.....	16
5.2	Iarscríbhinn II - Nós imeachta d'ascnamh i gcás clárú a tharraingt siar faoi EMIR..	18
	Treoirlínte ar aistriú sonraí idir Stórtha Trádála faoi SFTR.....	20
1	Raon feidhme.....	20
2	Tagairtí reachtacha, giorrúcháin agus sainmhínte	21
2.1	Tagairtí reachtacha	21
2.2	Giorrúcháin	22
2.3	Gluais coincheap agus téarmaí	24
3	Cuspóir.....	25
4	Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe	27
4.1	Stádas na dtreoirlínte	27
4.2	Ceanglais tuairiscithe	27
5	Treoirlínte ar aistriú sonraí idir Stórtha Trádála faoi SFTR.....	28
5.1	Iarscríbhinn I - Nós imeachta chun sonraí a aistriú arna iarraidh sin ag rannpháirtí TR faoi SFTR	34
5.2	Iarscríbhinn II - Nós imeachta imirce i gcás clárú a tharraingt siar faoi SFTR	36

1 Raon feidhme

Cé atá i gceist?

1. Tá feidhm ag na treoirlínte seo maidir le stórtha trádála (TRanna) atá cláraithe nó aitheanta ag ESMA, le húdaráis inniúla náisiúnta (ÚINanna), agus le contrapháirtithe tuairiscithe nó leis na heintitis a thuiriscíonn thar a gceann.

Céard atá i gceist?

2. Tá feidhm ag na treoirlínte arna nglacadh maidir le:
 - a. tuairisciú gan dúbailt sonraí na ndíorthach ag contrapháirtithe agus ag contrapháirtithe lárnacha faoi Airteagal 9(1) de EMIR;
 - b. na nósanna imeachta um inaistritheacht faoi Airteagal 78(9) de EMIR;
 - c. aistriú díorthach idir TRanna arna iarraidh sin do na contrapháirtithe, nó don eintiteas a thuiriscíonn thar a gceann, nó i gcás inar tarraingíodh siar clárú TRanna arna chumhdach le hAirteagal 79(3) de EMIR;
 - d. taifid a choinneáil maidir le díorthaigh i gcomhréir le hAirteagal 80(3) de EMIR; agus
 - e. Airteagal 21(2) de RTS ar chlárú (EMIR).

Cén uair?

3. Tá feidhm ag na treoirlínte atá ann cheana maidir le haistriú sonraí faoi EMIR amhail an 16 Deireadh Fómhair 2017. Tá feidhm ag na leasuithe ar na Treoirlínte seo amhail ón 3 Deireadh Fómhair 2022.

2 Tagairtí reachtacha, giorrúcháin agus sainmhínte

2.1 Tagairtí reachtacha

<i>Dréacht-RTS maidir le tuairisciú</i>	Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. YYYY/XXX ón ... lena bhforlíontar sonraí atá le tuairisciú do stórtha trádála agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála maidir le caighdeáin theicniúla rialála ina sonraítear na sonraí íosta atá le tuairisciú do stórtha trádála agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) 148/2013 ón gCoimisiún ¹
<i>EMIR</i>	Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála ²
<i>ITS maidir le tuairisciú</i>	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1247/2012 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2012 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme maidir le formáid agus minicíocht tuarascálacha trádála chuig stórtha trádála de réir Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála, arna leasú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/105 ón gCoimisiún ³
<i>MiFIR</i>	Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 600/2014 ón gCoimisiún an 15 Bealtaine 2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ⁴
<i>Rialachán ESMA</i>	Rialachán (AE) Uimh 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus

¹ 3 Cuirtear an Dréacht-RTS maidir le tuairisciú, arna ghlacadh ag ESMA an 17/12/2020 (ESMA74-362-824), faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh lena fhorhuiniú.

² IO L 201, 27.7.2012, lch.1

³ IO L 352, 21.12.2012, lgh. 20–29

⁴ IO L 173, 12.6.2014, lch. 84

lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 2009/77/CE ón gCoimisiún⁵

RTS maidir le clárú

Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 150/2013 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2012 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála maidir le caighdeáin theicniúla rialála ina sonraítear na sonraí atá le clárú mar stór trádála, lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/362 ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2018⁶

RTS maidir le rochtain ar shonraí

Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh 151/2013 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2012 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála maidir le caighdeáin theicniúla rialála maidir ina sonraítear na sonraí atá le foilsiú agus le cur ar fáil ag stórtha trádála agus caighdeáin oibríochtúla chun sonraí a chomhbhailiú, a chur i gcomparáid agus a rochtain, arna leasú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1800 ón gCoimisiún agus le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/361 ón gCoimisiún⁷

RTS maidir le tuairisciú

Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh 148.2013 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2012 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála maidir le caighdeáin theicniúla rialála maidir leis na sonraí íosta atá le tuairisciú do stórtha trádála, arna leasú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/104 ón gCoimisiún⁸

Treoirínte maidir le suímh

Treoirínte ar shuímh arna ríomh ag stórtha trádála faoi EMIR⁹

⁵ IO L 331, 15.12.2010, lgh. 84–119
⁶ IO L 52, 23.2.2013, lgh. 25–32
⁷ IO L 52, 23.2.2013, lgh. 33–36
⁸ IO L 52, 23.2.2013, lgh. 1–10
⁹ ESMA70-151-1350

2.2 Giorrúcháin

<i>AE</i>	An tAontas Eorpach
<i>BCE</i>	An Banc ceannais Eorpach
<i>BCN</i>	Banc Ceannais Náisiúnta
<i>C&F</i>	Ceisteanna agus Freagraí
<i>CP</i>	Páipéar Comhairliúcháin
<i>CSV</i>	Luachanna deighilte ag camóga
<i>EER</i>	Eintiteas atá Freagrach as Tuairisciú
<i>ESMA</i>	An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí
<i>FSB</i>	An Bord um Chobhsaíocht Airgeadais
<i>ISO</i>	Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán
<i>ITS</i>	Caighdeán Theicniúla Feidhmiúcháin
<i>LEE</i>	An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch
<i>LEI</i>	Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh
<i>RSE</i>	Eintiteas atá ag Cur Tuarascáil Isteach
<i>RTS</i>	Caighdeán Theicniúla Feidhmiúcháin
<i>SLA</i>	Comhaontú Leibhéal Seirbhíse
<i>TR</i>	Stór Trádála
<i>TRACE</i>	Córas chun rochtain aonair a fháil ar shonraí TR
<i>ÚIN</i>	Údarás Inniúil Náisiúnta
<i>XML</i>	Teanga Mharcála Inbheisithe

2.3 Gluais coincheap agus téarmaí

Úsáidtear leis an bhrí chéanna na sainmhínithe, na coincheapa agus na téarmaí go léir a úsáidtear in EMIR, san RTS maidir le tuairisciú is infheidhme agus san ITS maidir le tuairisciú, agus san RTS is infheidhme ar rochtain ar shonraí agus sna Ceisteanna agus Freagraí agus sna Treoirínte seo.

Chun críche na dTreoirínte seo tá na téarmaí seo a leanas sainmhínithe/minithe thíos:

- ciallaíonn “cliant gníomhach” rannpháirtí SR a bhfuil díorthaigh amuigh ag SR aige.
- ciallaíonn “díorthaigh chomhbhrúite” díorthaigh ar cuireadh deireadh leo de bharr comhbhrú mar atá sainmhínithe in Airteagal 2(1)(47) de MiFIR agus díorthaigh a áirítear i suíomh. Dá bhrí sin, tagraíonn díorthaigh chomhbhrúite do thacar díorthach idir péire contrapháirtithe arna bhfoirceannadh roimh a ndáta aibíochta bunaidh ar dtús ag an dá chontrapháirtí agus a shainaithnítear le cineál gníomhaíochta “Z” nó “P” faoin RTS reatha maidir le tuairisciú. Ina theannta sin, faoin dréacht-RTS ar thuairisciú, sainaithnítear sraith díorthach den sórt sin le meascán de chineál gníomhaíochta “TERM” agus de chineál imeachta “COMP”, meascán de chineál gníomhaíochta “TERM” agus de chineál imeachta “INCP”, nó de chineál gníomhaíochta “POSC”.
- ciallaíonn “díorthach earráideach” díorthach a thuairiscítear do TR mar thoradh ar bhotún. Sainaithnítear é le cineál gníomhaíochta “E” faoin RTS reatha ar thuairisciú agus “EROR” faoin dréacht RTS ar thuairisciú.
- cuimsíonn “teagmhais saolré” gach cineál gníomhaíochta a thuairiscítear maidir le díorthach ar leith.
- ciallaíonn “díorthach aibithe” díorthach a thuairiscítear do TR agus a bhfuil a dháta aibíochta arna chomhaontú go conarthach sroichte aige ag pointe áirithe ama.
- ciallaíonn “TR nua” TR dá bhfuil rannpháirtí TR tar éis tosú ar dhíorthaigh a thuairisciú nó a bhfuil sé ar intinn aige tosú ar dhíorthaigh a thuairisciú faoi Airteagal 9 de EMIR, cé go raibh an t-eintiteas sin ag tuairisciú, go díreach nó trí RSE, don sean-TR ar dtús.
- ciallaíonn “cliant neamhghníomhach” rannpháirtí TR nach bhfuil díorthaigh amuigh ag TR aige a thuilleadh.
- ciallaíonn “sean-TR” TR a raibh rannpháirtí TR ag tuairisciú dó nó ar thuairiscigh RSE díorthaigh de chuid rannpháirtí TR dó faoi Airteagal 9 de EMIR, ach (i) chinn an rannpháirtí TR scor dá thuairisciú ar an socrú conarthach nó (i) ii) tarraingíodh siar clárú an TR.
- ciallaíonn “díorthach gan íoc” díorthach den sórt sin, lena n-áirítear díorthaigh atá imréitithe ag an gcontrapháirtí lárnach, a thuairiscítear do TR agus nach bhfuil aibithe agus nach raibh faoi réir tuarascála le cineálacha gníomhaíochta “E”, “C”,

“P” nó “Z ” faoin RTS reatha maidir le tuairisciú. Ina theannta sin, faoin dréacht-RTS ar thuairisciú, ciallaíonn “díorthach gan íoc” díorthach nach bhfuil aibí nó nach raibh ina ábhar do thuarascálacha le cineálacha gníomhaíochta “TERM”, “EROR”, nó “POSC”. Ina theannta sin, faoin dréacht-RTS maidir le tuairisciú, ciallaíonn “díorthach gan íoc” díorthach a bhí ina ábhar le tuarascáil leis an gcineál gníomhaíochta “REVI” nach leanann tuarascáil eile leis an gcineál gníomhaíochta “TERM” nó “EROR” é.

- ciallaíonn “inaistritheacht” an fhéidearthacht taifid a bhaineann le sonraí díorthach arna dtuairisciú faoi Airteagal 9 de EMIR a aistriú ón sean-TR go dtí an TR nua, mar a shainítear iad sna treoirlínte seo.
- ciallaíonn “suímh” léiriú nochaí idir péire contrapháirtithe mar a áirítear sna Treoirlínte maidir le suímh.
- ciallaíonn “réiteach” an próiseas trína ndeimhníonn TRanna gur thuairiscigh gach ERR an dá thaobh den díorthach leis an bhfaisnéis chéanna.
- ciallaíonn “diúltuithe” díorthaigh ar dhiúltaigh TR dóibh mar gheall ar earráidí san fhaisnéis arna dtuairisciú ag ERR nó RSE.
- Ba cheart “eintiteas a chuir isteach tuarascáil” (RSE, anseo feasta), atá ar cheann de na réimsí contrapháirtí de na caighdeáin theicniúla maidir le tuairisciú¹⁰, a thuiscint mar an t-eintiteas a bhfuil gaol conarthach déanta aige le TR cláraithe nó aitheanta agus:
 - ní thuairiscíonn sé ach díorthaigh, inar ceann de na contrapháirtithe é, agus sa chás sin tharlódh sé ag an am céanna le contrapháirtí tuairiscithe an chonartha nó an contrapháirtí eile, nó
 - tuairiscíonn se díorthaigh ina bhféadfadh sé gur ceann nó nach ceann de na contrapháirtithe é.
- ciallaíonn “díorthaigh fhoirceanta”, faoin RTS maidir le tuairisciú, díorthaigh a fhoirceannadh roimh a ndáta aibíochta a d’aontaigh an dá chontrapháirtí de réir conartha agus a aithnítear leis an gcineál gníomhaíochta “C”. Ina theannta sin, faoin dréacht-RTS ar thuairisciú, sainaithnítear sraith díorthach den sórt sin le meascán de chineál gníomhaíochta “TERM” nó “POSC”. Faoin dréacht-RTS maidir le tuairisciú, cuimsíonn “díorthaigh fhoirceanta” na díorthaigh chomhdhlúite thuasluaite, leis.
- ciallaíonn “aistriú” nó “aistriú (sonraí) díorthach” gníomh nó próiseas ina mbogtar taifid na ndíorthach, faoi seach, ón sean-TR go dtí an TR nua.

¹⁰ <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A32017R0104>

- Ciallaíonn “rannpháirtí TR”¹¹ eintiteas a bhfuil socrú conarthach aige chun conarthaí díorthacha a thuairisciú faoi Airteagal 9 de EMIR a bhfuil ar a laghad TR amháin cláraithe nó aitheanta ann. Féadfaidh an rannpháirtí TR a bheith ina RSE, ina ERR, ina chontrapháirtí tuairiscithe nó ina chontrapháirtí lárnach.

3 Cuspóir

4. Is iad cuspóirí na dtreoirlínte seo cleachtais mhaoirseachta atá comhsheasmhach, éifeachtúil agus éifeachtach a bhunú laistigh den ESFS agus cur i bhfeidhm coiteann, aonfhoirmeach agus comhsheasmhach a áirithiú trí shoiléiriú a sholáthar do TRanna, do chontrapháirtithe tuairiscithe agus do ERR maidir le conas comhlíonadh na bhforálacha EMIR seo a leanas a áirithiú i gcónaí:
 - a. Airteagal 9(1)(e) de EMIR lena bhforáiltear “Áiritheoidh contrapháirtithe agus contrapháirtithe lárnacha a gceanglaítear orthu mionsonraí na gconarthaí díorthacha a thuairisciú go dtuairisceofar mionsonraí den sórt sin i gceart agus gan dúbailt.”;
 - b. Airteagal 80(3) de EMIR lena bhforáiltear “Déanfaidh stór trádála an fhaisnéis a gheofar faoi Airteagal 9 a thaifeadadh go pras agus coimeádfar í go ceann 10 mbliana ar a laghad tar éis na conarthaí ábhartha a fhoirceannadh. Úsáidfídh sé nósanna imeachta coimeáda taifead atá tráthúil agus éifeachtach chun athruithe ar fhaisnéis thaifeadta a dhoiciméadú.”;
 - c. Airteagal 79(3) de EMIR lena bhforáiltear “Áiritheoidh stór trádála óna bhfuil an clárú tarraingthe siar ionadú ordúil lena n-áirítear sonraí a aistriú chuig stórtha trádála eile agus sreafaí tuairiscithe a atreorú chuig stórtha trádála eile.”; agus
 - d. Na nósanna imeachta um inaistritheacht faoi Airteagal 78(9) de EMIR.
5. Tá na Treoirlínte bunaithe ar Airteagal 16(1) de Rialachán ESMA, lena bhforáiltear “Déanfaidh an tÚdarás, d’fhonn cleachtais mhaoirseachta atá comhsheasmhach, éifeachtúil agus éifeachtach a bhunú laistigh den ESFS, agus chun cur i bhfeidhm coiteann, aonfhoirmeach agus comhsheasmhach dlí an Aontais a áirithiú, treoirlínte a eisiúint ina ndíreofar ar gach údarás inniúil nó ar gach rannpháirtí sa mhargadh airgeadais agus eiseoidh sé moltaí chuig údarás inniúil amháin nó níos mó nó chuig rannpháirtí margaidh airgeadais amháin nó níos mó”.
6. Tá trí chuspóir leis na Treoirlínte leasaithe maidir le haistriú sonraí faoi EMIR:
 - a. Bacainní ar inaistritheacht a bhaint ón timpeallacht iomaíoch TR, agus a áirithiú gur féidir le rannpháirtithe TR leas a bhaint as an timpeallacht il-TR;

¹¹ D’fhéadfadh roinnt TRanna na cineálacha rannpháirtithe TR a shonrú tuilleadh, amhail rannpháirtithe tuairiscithe, tuairiscithe ginearálta, neamhthuiriscithe, etc. Tá na fochatagóirí seo trédhearcach ó thaobh na dtreoirlínte seo.

- b. Cáilíocht na sonraí atá ar fáil d'údaráis a áirithiú, lena n-áirítear na comhiomláin arna ndéanamh ag TRanna, fiú nuair a athraíonn an rannpháirtí TR an TR dá dtuairiscíonn sé agus is cuma cén chúis atá leis an athrú sin;
 - c. A áirithiú go bhfuil bealach comhsheasmhach, caighdeánaithe agus comhchuibhithe ann chun taifid a aistriú ó TR amháin go TR eile agus tacú le leanúnachas tuairiscithe agus réitigh i ngach cás lena n-áirítear clárú TR a tharraingt siar.
7. D'fhéadfadh sé a bheith riachtanach sonraí a aistriú chuig TR eile ar chúiseanna éagsúla. Mar sin, tugann na Treoirlínte aghaidh ar leithligh ar na cásanna (i) inar tharla an t-aistriú mar gheall ar chlárú an TR a tharraingt siar ó na cásanna (ii) ina ndéantar an t-aistriú ar bhonn deonach agus faoi ghnáthchoinníollacha an mhargaidh. Baineann Treoirlínte 1 go 15 agus Treoirlínte 33 agus 34 leis an dá chás; ní bhaineann treoirlínte 16 go 22 ach le portáil dheonach; agus ní bhaineann Treoirlínte 23 go 32 ach le clárú TR a tharraingt siar. Bheadh na dreasachtaí agus na spreagthaí do na páirtithe ábhartha i ngach ceann den dá chás difriúil agus mar sin tá gá le cur chuige sonracha i ngach cás ar leith.
8. Bunaíonn na Treoirlínte prionsabail ardleibhéil a chaithfidh rannpháirtithe TR a leanúint, e.g. RSE, contrapháirtithe agus contrapháirtithe lárnacha, ar thaobh amháin, agus na TRanna ar an taobh eile. Comhlánaítear na prionsabail sin le nósanna imeachta sonracha, a leagtar amach chun a áirithiú go n-aistrítear sonraí díorthach go tráthúil agus go hurrúnta. Ní chumhdaíonn na Treoirlínte seo, áfach, cásanna nach gá sonraí a aistriú iontu, amhail contrapháirtithe tuairiscithe a chinn tuairisciú le dhá TR nó níos mó ag an am céanna.

4 Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe

4.1 Stádas na dtreoirlínte

9. I gcomhréir le hAirteagal 16(3) de Rialachán ESMA, ní mór d'údaráis inniúla agus do rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais gach iarracht a dhéanamh na treoirlínte seo a chomhlíonadh.
10. Ba cheart do na húdaráis inniúla a bhfuil feidhm ag na treoirlínte seo ina leith iad a chomhlíonadh trína n-ionchorprú ina gcreataí náisiúnta dlí agus/nó maoirseachta de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil treoirlínte ar leith dírithe go príomha ar rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais. Sa chás sin, ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú trína maoirseacht go bhfuil na treoirlínte á gcomhlíonadh ag rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais.
11. Déanfaidh ESMA measúnú ar chur i bhfeidhm na dtreoirlínte sin ag TRanna trína mhaoirseacht dhíreach leanúnach.

4.2 Ceanglais tuairiscithe

12. Laistigh de dhá mhí ó dháta foilsithe na dtreoirlínte ar shuíomh gréasáin ESMA i dteangacha oifigiúla uile an Aontais, ní mór do na húdaráis inniúla a bhfuil feidhm ag na treoirlínte seo maidir leo fógra a thabhairt do ESMA maidir le cé acu (i) atá na treoirlínte a gcomhlíonadh acu, (ii) nach bhfuil na treoirlínte á gcomhlíonadh ach é beartaithe acu iad a chomhlíonadh, nó (iii) nach bhfuil na treoirlínte á gcomhlíonadh acu agus nach bhfuil sé beartaithe acu iad a chomhlíonadh.
13. I gcás neamhchomhlíonadh, ní mór do na húdaráis inniúla fógra a thabhairt do ESMA freisin laistigh de dhá mhí ó dháta foilsithe na dtreoirlínte ar shuíomh gréasáin ESMA i dteangacha oifigiúla uile an Aontais faoi na cúiseanna atá acu gan na treoirlínte a chomhlíonadh
14. Tá teimpléad le haghaidh fógra a thabhairt ar fáil ar shuíomh gréasáin ESMA. Nuair a bheidh an teimpléad líonta isteach, déanfar é a tharchur chuig ESMA.
15. Ní cheanglaítear ar Tranna a thuairisciú an bhfuil na treoirlínte seo á gcomhlíonadh acu.
16. Ní cheanglaítear ar chontrapháirtithe agus ar eintitis a thuairiscíonn thar a gceann a thuairisciú cé acu an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann siad na treoirlínte seo.

5 Leasuithe ar Threoirlínte maidir le haistriú sonraí idir Stórtha Trádála faoi EMIR

17. Cuirtear treoirlínte 11, 15, 18, 19, 23 agus 26 de na Treoirlínte atá ann cheana maidir le haistriú sonraí idir Stórtha Trádála faoi EMIR in ionad mar a leanas:

Treoirlíne 11. Roimh an aistriú sonraí ar lá neamh-oibre, ba cheart do TRanna a chinntiú go mionathróidh rannpháirtithe TR na díorthaigh gan íoc atá faoi réir aistriú sonraí chun an ceanglas tuairiscithe is déanaí a chomhlíonadh faoi 23:59:59 ar a dhéanaí ar an Aoine roimh an deireadh seachtaine ar a ndéantar an phortáil agus

- (i) i gcás portáil iomlán, ó thús an aistrithe sonraí, níor cheart go nglacadh an sean-TR le tuarascálacha ar imeachtaí saolré agus sonraí suímh a bhaineann leis na díorthaigh atá faoi réir aistriú;
- (ii) agus ina theannta sin, i gcás portáil pháirteach, ba cheart don rannpháirtí TR tuairisciú cruinn ar imeachtaí saolré a bhaineann leis na díorthaigh chuig na TRanna ábhartha a áirithiú.

Maidir le haistrithe ar laethanta oibre, ceanglaítear ar an sean-TR agus an TR nua am a aontú, roimh an aistriú sonraí, faoinar cheart don rannpháirtí TR na mionathruithe ar na díorthaigh gan íoc atá faoi réir aistriú sonraí a chur i gcrích. I gcás aistrithe ar laethanta oibre, ba cheart go gcomhlíonadh an sean-TR agus an rannpháirtí TR (i) agus (ii).

Treoirlíne 15. I gcás nach féidir na sonraí go léir i raon feidhme an phlean imirce a aistriú in aon iarracht amháin, ba cheart do na TRanna na sonraí a aistriú i gcomhréir leis an ord seo a leanas:

- (i) an staid is déanaí de na díorthaigh gan íoc a fuarthas, i.e. an “staid trádála”;
- (ii) i gcás clárú a tharraingt siar, na tuarascálacha a bhaineann le teagmhais saolré is infheidhme maidir leis na díorthaigh atá fós gan réiteach;
- (iii) i gcás clárú a tharraingt siar, gach díorthach foirceanta, comhbhrúite agus aibithe atá fós faoi réir an cheanglais faoi Airteagal 80(3) de EMIR, mar aon leis na teagmhais shaolré ábhartha;
- (iv) i gcás clárú a tharraingt siar, na díorthaigh uile a ndearnadh earráid orthu agus atá fós faoi réir an cheanglais faoi Airteagal 80(3) de EMIR mar aon leis na teagmhais shaolré ábhartha;
- (v) i gcás clárú a tharraingt siar, líon iomlán na ndíorthach diúltaithe arna dtuairisciú ag an rannpháirtí TR agus nár éirigh leo sna bailíochtaí sonraí;
- (vi) i gcás clárú a tharraingt siar, an loga tuairiscithe i bhformáid meaisín-inléite den sean-TR ina dtaifeadtar an chúis nó na cúiseanna le mionathrú, an dáta, an stampa ama agus cur síos soiléir ar na hathruithe (lena n-áirítear sean-ábhar agus ábhar nua na sonraí ábhartha) a bhaineann leis na díorthaigh a aistrítear; agus
- (vii) i gcás clárú a tharraingt siar, na sonraí go léir ar dhiúltuithe, rud a chiallaíonn na tuarascálacha amach d’údaráis a bhaineann le diúltaithe i bhformáid XML, agus na sonraí go léir maidir le réitigh, rud a chiallaíonn na tuarascálacha amach d’údaráis a bhaineann le stádas an réitigh san fhormáid XML.

Treoirlíne 18. I gcás aistriú sonraí arna iarraidh ag rannpháirtí TR, agus nuair nár tarraingíodh siar clárú an sean-TR nó nuair nach bhfuil sé á tharraingt siar, ní dhéanfar ach staid is déanaí na ndíorthach gan íoc, i.e. an “staid trádála”, a aistriú.

Treoirlíne 19. I gcás aistriú sonraí arna iarraidh ag rannpháirtí TR, ba cheart don sean-TR agus don TR nua cloí leis an bpróiseas a bhfuil tuairisc air sa nós imeachta atá in larscríbhinn I chun sonraí a aistriú arna iarraidh sin do rannpháirtí TR faoi EMIR. Ba cheart do na TRanna an plean imirce maidir le haistriú sonraí rannpháirtí TR ar leith a chomhaontú a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná deich lá oibre tar éis an iarraidh a fháil.

Treoirlíne 23. I gcás clárú TR a tharraingt siar, ba cheart go gcuimseodh an t-aistriú sonraí sonraí uile na ndíorthach arna dtuairisciú don TR, lena n-áirítear na cinn diúltaithe, mar aon leis an loga tuairiscithe ábhartha agus na sonraí go léir ar dhiúltuithe, rud a chiallaíonn na tuarascálacha amach d’údaráis. a bhaineann le diúltuithe i bhformáid XML, agus na sonraí go léir ar réiteach, rud a chiallaíonn na tuarascálacha amach d’údaráis a bhaineann le stádas an réitigh san fhormáid XML. Ba chóir cloí le hord an aistrithe sonraí atá leagtha amach sa 15 Treoirlíne.

Treoirlíne 26. I gcás clárú a tharraingt siar arna iarraidh sin do TR, ba cheart dó fógra a thabhairt don ESMA roimh ré maidir leis an dáta atá beartaithe le haghaidh scoir oibríochtaí agus ba cheart dó fógra a thabhairt láithreach trí mhodh leictreonach do na rannpháirtithe TR, do na TRanna eile, agus do na ÚINanna ábhartha. I gcás TRanna a bhfuil níos mó ná 500 rannpháirtí TR acu ba cheart réamhfhógra naoi mí ar a laghad a thabhairt, agus i gcás TRanna ina bhfuil níos lú ná 500 rannpháirtí TR, ba cheart go mbeadh réamhfhógra sé mhí ar a laghad a thabhairt.

18. Cuirtear Treoirlínte 30 go 34 nua leis na Treoirlínte atá ann cheana maidir le haistriú sonraí idir Stórtha Trádála faoi EMIR mar a leanas:

Treoirlíne 30. I gcás clárú a tharraingt siar, féadfaidh an TR nua táillí a ghearradh ar na rannpháirtithe gníomhacha TR as a gcuid sonraí díorthacha nach bhfuil fós gan íoc.

Treoirlíne 31. I gcás clárú a tharraingt siar, is féidir leis an TR nua sonraí díorthacha nach bhfuil fós amuigh de cháilíocht sonraí éagsúla a stóráil agus/nó i bhformáidí éagsúla i mbunachair shonraí/táblaí ar leith. Ba cheart don TR nua freagra a thabhairt ar cheisteanna na n-údarás ar éileamh.

Treoirlíne 32. I gcás clárú a tharraingt siar, ba cheart don TR a dtarraingeofar siar a chlárú an fhaisnéis theicniúil is gá ar na sonraí atá le haistriú a sholáthar don TR nua chun an t-aistriú sonraí chuig an TR nua agus an stóráil ina dhiaidh sin a éascú. Ba cheart go gcuirfeadh an sean-TR nua an fhaisnéis a luadh roimhe seo ar fáil go tráthúil chun ligean don TR nua ullmhú de réir mar is gá. Ba cheart go gcumhdódh an doiciméadacht theicniúil na gnéithe seo a leanas ar a laghad:

- (i) mapáil na réimsí chuig réimsí EMIR; agus
- (ii) mínithe teicniúla ar gach réimse.

Treoirlíne 33. Roimh agus tar éis taifid de chuid rannpháirtí TR a aistriú, ba cheart don rannpháirtí TR cruinneas na faisnéise comhiomlána seo a leanas maidir leis na díorthaigh atá faoi réir aistrithe a fhíorú agus a dhearbú leis an TR nua agus leis an sean-TR, i gcomhréir leis an amú a shonraítear in Guideline 11:

- (i) líon iomlán na ndíorthach gan íoc, i gcás ina sainiúitear gach díorthach tríd an meascán uathúil de na réimsí “Contrapháirtí tuairiscithe”, “Contrapháirtí eile”, agus “Aitheantóir Idirbheart Uathúil”, mar aon leis na tuarascálacha corrlaigh comhfhreagracha;
- (ii) líon iomlán na dtuairiscí a bhaineann le himeachtaí saolré na ndíorthach seo (i gcás ina n-aistrítear iad sin);
- (iii) líon iomlán na dtaifead a bhaineann le díorthaigh foirceanta, comhbhrúite agus aibithe le cúig bliana anuas, a bhfuil oibleagáid coimeádta taifead ann maidir leo i gcomhréir le hAirteagal 9(2) de EMIR (i gcás ina n-aistrítear iad sin);
- (iv) líon iomlán na dtaifead a bhaineann le díorthaigh a ndearnadh earráid orthu le cúig bliana anuas, a bhfuil oibleagáid coimeádta taifead ann maidir leo i gcomhréir le hAirteagal 9(2) de EMIR (i gcás ina n-aistrítear iad sin).

Treoirlíne 34. I gcás ina dtuairiscíonn FC agus NFC do dhá TR dhifriúla díorthach thar an gcuntar atá gan íoc faoi réir aistriú:

(i) má chinneann an NFC- gan é féin a thuairisciú, ba cheart díorthaigh an NFC- gan íoc a aistriú chuig an TR den FC, mura gcinneann an FC teacht chun bheith ina chliant de TR an NFC- agus na díorthaigh arna dtabhairt i gcrích leis an NFC- thuairisciú don TR sin.

(ii) gach uair a athraíonn NFC a stádas ó NFC+ go NFC- agus go gcinneadh sé gan a dhíorthaigh a thuairisciú dó féin, ba cheart dó a iarraidh go n-aistreofaí a dhíorthaigh gan íoc arna dtabhairt i gcrích leis an FC chuig TR an FC sin amhail ón dáta a stádais athraithe mura gcinneadh an FC bheith ina chliant de TR an NFC- agus na díorthaigh arna dtabhairt i gcrích leis an NFC- a thuairisciú don TR sin. Ar an gcaoi chéanna, gach uair a athraíonn NFC a stádas ó NFC- go NFC+, ba cheart na díorthaigh gan íoc arna dtabhairt i gcrích leis an FC a aistriú ar ais go dtí TR an NFC, mura gcinneadh an NFC a bheith ina chliant de TR an FC agus na díorthaigh a tugadh chun críche leis an FC a thuairisciú don TR sin.

(iii) Ar mhaithe le haistriú sonraí a chur i gcrích, ní mheastar go rachaidh an NFC ná an FC (ná aon eintiteas a chuireann tuarascáil isteach thar a gceann) ar bord chuig TRanna an chontrapháirtí eile.

5.1 Iarscríbhinn I - Nós imeachta chun sonraí a aistriú arna iarraidh sin ag rannpháirtí TR faoi EMIR

A. Pleanáil agus ullmhúchán
<p>Tar éis an comhaontú conarthach ábhartha a shíniú leis an rannpháirtí TR, cuireann an TR nua in iúl don sean-TR agus aontaíonn sé leis an plan imirce arna mhionléiriú i gcomhréir le Treoirlíne 3.</p> <p>Cuireann an TR nua na húdaráis ábhartha ar an eolas faoin aistriú trí ríomhphost.</p>
<p>Cinneann agus aontaíonn an sean-TR leis an rannpháirtí TR an fhaisnéis chomhiomlán seo a leanas maidir le díorthaigh an rannpháirtí TR atá faoi réir aistrithe:</p> <ul style="list-style-type: none"> ○ An staid is déanaí de na díorthaigh gan íoc a fuarthas, i.e. an “staid trádála” ○ Líon iomlán na ndíorthach gan íoc
<p>Ba cheart go n-iarrfadh an sean-TR deimhniú ar an rannpháirtí TR maidir le cruinneas na faisnéise thuas vis-à-vis taifid an rannpháirtí TR féin¹² de réir Threoirlíne 8. I gcás mímheitseála, ba cheart don sean-TR na huimhreacha ábhartha a réiteach leis an rannpháirtí TR agus liosta deiridh na dtuarascálacha díorthaigh atá le hascnamh a aontú. Ba cheart go réiteodh an sean-TR gach neamhréiteach <i>chomh luath agus is féidir agus laistigh de chúig lá oibre ar a dhéanaí.</i></p>
B. Aistriú a chur i gcrích
<p>A luaithe a dheimhnítear líon na ndíorthach agus na dtaifead, ba cheart don sean-TR leanúint ar aghaidh ag giniúint an chomhaid/na gcomhad ábhartha i gcomhréir le Treoirlíne 5 agus leis na prionsabail comhchineála ábhartha.</p> <p>Feidhmíonn an sean-TR agus na TRanna nua an plan ascnaimh. Ba chóir don sean-TR na comhaid a ghintear a aistriú chuig an TR nua ina n-admhaítear an t-aistriú comhad.</p> <p>Maidir leis seo, ba chóir na díorthaigh gan íoc a aistriú laistigh de dheireadh seachtaine réamhchinnte nó ar lá oibre aontaithe.</p>
C. Fíorú na sonraí arna n-aistriú
<p>Ba cheart don TR nua na figiúirí agus an fhaisnéis seo a leanas do na taifid a fuarthas a chinneadh agus iomláine an aistrithe a fhíorú:</p> <ul style="list-style-type: none"> ○ An staid is déanaí de na díorthaigh gan íoc a fuarthas, i.e. an “staid trádála”

¹² De réir Airteagal 9(2) EMIR “Coinneoidh contrapháirtithe taifead d’aon chonradh díorthach atá tugtha i gcrích acu agus d’aon mhionathrú go ceann cúig bliana ar a laghad tar éis fhoirceannadh an chonartha.” I gcás rannpháirtí TR tuairiscithe a thuairiscíonn thar ceann cinn eile, ba cheart dó a gcuid taifead siúd a úsáid freisin.

<ul style="list-style-type: none"> o Líon iomlán na ndíorthach gan íoc
<p>Ba cheart don TR nua dearbhú a iarraidh ar rannpháirtí TR maidir le cruinneas na faisnéise thuas vis-à-vis taifid an rannpháirtí TR féin¹³ de réir Threoirlíne 33. I gcás mímhéiteála, ba cheart don dá TR iarracht a dhéanamh na huimhreacha ábhartha a réiteach leis an rannpháirtí TR go dtí go dtiocfar ar chomhaontú.</p>
<p>D. Fógraí deiridh</p>
<p>Ba cheart don TR nua gach TR a chur ar an eolas go bhfuil an rannpháirtí tuairiscithe tar éis athrú chuige. Ba cheart an fhaisnéis seo a úsáid chun an próiseas réitigh a éascú do na díorthaigh ábhartha a aistríodh chuig an TR nua.</p>
<p>Ba cheart don TR nua an ÚIN/ÚINanna agus ESMA a chur ar an eolas faoi thabhairt chun críche aistriú sonraí an rannpháirtí TR agus na cineálacha díorthach atá i gceist a shainaithint.</p>
<p>E. Taifeadh agus scríodadh slán sonraí</p>
<p>Ba cheart go mbainfeadh an sean-TR na díorthaigh ascnaimh atá fós gan íoc as aon chomhbhailiúcháin sonraí.</p>
<p>Ba cheart go gcoimeádfadh an sean-TR na sonraí a aistríodh chomh fada agus a shonraítear sna prionsabail ghinearálta agus de réir riachtanais EMIR mar a bhí roimh an aistriú.</p>
<p>Ba cheart don sean-TR an loga tuairiscithe a choinneáil go ceann 10 mbliana ar a laghad tar éis fhoirceannadh na gconarthaí ábhartha.</p>
<p>Ba cheart don sean-TR na sonraí aistrithe a scríodadh nuair a cheadaítear é sin agus de réir na bprionsabail ghinearálta ábhartha maidir le scríodadh slán.</p>

¹³ De réir Airteagal 9(2) EMIR "Coinneoidh contrapháirtithe taifead d'aon chonradh díorthach atá tugtha i gcrích acu agus d'aon mhionathrú go ceann cúig bliana ar a laghad tar éis fhoirceannadh an chonartha." I gcás rannpháirtí TR tuairiscithe a thuiriscíonn thar ceann cinn eile, ba cheart dó a gcuid taifead siúd a úsáid freisin.

5.2 Iarscríbhinn II - Nós imeachta d'ascnamh i gcás clárú a tharraingt siar faoi EMIR

A. Fógra tosaigh
<p>(Tarraingt siar dheonach) Cuireann an TR an ESMA, rannpháirtithe TR, TRanna agus ÚINanna eile atá bainteach leis ar an eolas faoina iarratas chun a chlárú a tharraingt siar ar a laghad roimh ré (de réir Threoirlíne 26) maidir leis an dáta atá beartaithe le haghaidh scor na n-oibríochtaí (i gcás tarraingt siar arna iarraidh ag an TR).</p> <p>Nó</p> <p>(Tarraingt siar neamhdheonach) Cuireann ESMA in iúl don TR/do na TRanna nua agus do na ÚINanna gur cheart go bhfaigheadh an TR/na Tranna nua sonraí a tuairiscíodh don sean-TR ar dtús (i gcás nárbh é an TR a d'iarr an tarraingt siar)</p>
B. Pleanáil agus ullmhúchán
<p>Cuireann an sean-TR in iúl do rannpháirtithe TR go bhfuil sé ar intinn aige scor d'oibríochtaí. Ullmhaíonn an TR/na TRanna an plean ascnaimh, mar a shonraítear i dTreoirlíne 3, agus cuireann sé faoi bhráid an ESMA agus an TR/na TRanna nua é. Pléann an ESMA agus na TRanna eile lena mbaineann aon agóidí nó údair imní a d'fhéadfadh a bheith ann agus tar éis iad a réiteach aontaíonn na páirtithe go léir ar mhionsonraí an phlean imirce.</p>
<p>Saináithnítear sa sean-TR na díorthaigh atá faoi réir aistrithe agus cuireann sé an fhaisnéis seo a leanas ar fáil don ESMA agus do na TRanna eile atá i gceist (mar chuid den phlean ascnaimh nó ar leithligh) maidir leis na díorthaigh atá faoi réir aistriú in aghaidh an TR:</p> <ul style="list-style-type: none"> ○ An staid is déanaí de na díorthaigh gan íoc a fuarthas, i.e. an “staid trádála” ○ Líon iomlán na ndíorthach gan íoc ○ Líon iomlán na dtaifead a bhaineann le himeachtaí saolré a chomhfhreagraíonn le díorthaigh gan íoc ○ Líon iomlán na dtaifead a bhaineann le díorthaigh foirceanta, comhdhlúite agus aibithe ○ Líon iomlán na dtaifead a bhaineann le díorthaigh a ndearnadh earráid iontu ○ Líon iomlán na dtaifead a bhaineann le díorthaigh dhiúltaithe arna dtuairisciú ag an rannpháirtí TR agus nár éirigh leo sna bailíochtaí sonraí ○ Líon na n-iontrálacha loga tuairiscithe ○ Líon iomlán na dtuarascálacha amach d'údaráis a bhaineann le diúltaithe san fhormáid XML agus líon na dtuarascálacha amach d'údaráis a bhaineann le stádas an réitigh san fhormáid XML
C. Aistriú a chur i gcrích
<p>A luaithe a dheimhnítear líon na ndíorthach agus na dtaifead, ba cheart don sean-TR leanúint ar aghaidh ag giniúint an chomhaid/na gcomhad ábhartha i gcomhréir le Treoirlíne 5.</p>

Feidhmíonn an sean-TR agus na TRanna nua an plean ascnaimh. Aistrítear comhaid ghinte ón sean-TR go dtí an TR/naTRanna nua a admhaíonn gach aistriú.

Cloítear leis an seicheamhú tosaíochta do dhíorthaigh agus do thaifid atá san áireamh sa 15 Treoirlíne.

Más féidir, ba cheart díorthaigh gan íoc a aistriú le linn agus laistigh de dheireadh seachtaine nó ar lá oibre comhaontaithe, agus teagmhais shaolré comhfhreagracha agus luachálacha/comhthaobhachaí a luaithe is féidir.

Más rud é nach féidir, ba cheart na díorthaigh gan íoc a dheighilt, in aghaidh gach rannpháirtí TR, go dhá bhaisc nó níos mó le haistriú le linn na ndeireadh seachtaine dá éis nó ar laethanta oibre comhaontaithe. Ba cheart na himeachtaí saolré comhfhreagracha in aghaidh an bhaisc a aistriú a luaithe is féidir.

Ba cheart na díorthaigh eile a aistriú a luaithe is féidir.

Déantar aon saincheisteanna a shainaithnítear agus aon dul chun cinn a dhéantar a thuairisciú go tráthrialta don ESMA.

D. Aistriú sonraí a fhíorú

Ba cheart go gcinneadh an TR/na TRanna nua na figiúirí agus an fhaisnéis seo a leanas do na taifid a fuarthas agus ba cheart go bhfíoródh siad iomláine an aistrithe:

- An staid is déanaí de na díorthaigh gan íoc a fuarthas, i.e. an “staid trádála”
- Líon iomlán na ndíorthach gan íoc
- Líon iomlán na dtaifead a bhaineann le himeachtaí saolré a chomhfhreagraíonn le díorthaigh gan íoc
- Líon iomlán na dtaifead a bhaineann le díorthaigh foirceanta, comhdhlúite agus aibithe
- Líon iomlán na dtaifead a bhaineann le díorthaigh a ndearnadh earráid iontu
- Líon iomlán na dtaifead a bhaineann le díorthaigh dhiúltaithe arna dtuairisciú ag an rannpháirtí TR agus nár éirigh leo sna bailíochtaí sonraí
- Líon na n-iontrálacha loga tuairiscithe
- Líon iomlán na dtuarascálacha amach d'údaráis a bhaineann le diúltaithe san fhormáid XML agus líon na dtuarascálacha amach d'údaráis a bhaineann le stádas an réitigh san fhormáid XML

Ba cheart do na TRanna nua toradh an fhíoraithe a chur in iúl don ESMA agus don sean-TR. I gcás teip fíorúcháin, déanann an dá pháirtí (sean-TRanna agus TRanna nua) imscrúdú ar an mbunchúis agus déantar an próiseas aistrithe arís agus arís eile go dtí go n-éiríonn leis an aistriú sonraí.

E. Fógraí deiridh

Ba cheart do na TRanna nua na rannpháirtithe TR ábhartha, na TRanna go léir atá fágtha agus na ÚINanna faoi seach a chur ar an eolas (trí ríomhphost) maidir le críochnú rathúil an aistrithe.

F. Taifeadadh agus sciosadh slán sonraí

Ba cheart go gcoimeádfadh an sean-TR na sonraí a aistríodh chomh fada agus a shonraítear i dTreoirlíne 28 agus de réir riachtanais EMIR mar a bhí roimh an aistriú.

Ba cheart don sean-TR na sonraí aistrithe a sciosadh nuair a cheadaítear é sin agus de réir na bprionsabal ábhartha maidir le sciosadh slán atá san áireamh i dTreoirlíne 28.

Treoirlínte ar aistriú sonraí idir Stórtha Trádála faoi SFTR

1 Raon feidhme

Cé atá i gceist?

1. Tá feidhm ag na treoirlínte seo maidir le stórtha trádála (TRanna) atá cláraithe nó aitheanta ag ESMA, le húdaráis inniúla náisiúnta (ÚINanna), agus le contrapháirtithe tuairiscithe nó leis na heintitis a thuiriscíonn thar a gceann.

Céard atá i gceist?

2. Tá feidhm ag na treoirlínte arna nglacadh maidir le:
 - a. Tuairisciú sonraí faoi SFTanna ag contrapháirtithe nó eintitis a thuiriscíonn thar a gceann faoi Airteagal 4(1) de SFTR;
 - b. Na nósanna imeachta maidir le hinaistritheacht faoi Airteagal 78(9) de EMIR, dá gcrostaighítear in Airteagal 5(2) de SFTR;
 - c. Aistriú sonraí maidir le SFT idir TRanna arna iarraidh sin do na contrapháirtithe, nó don eintiteas a thuiriscíonn thar a gceann, nó i gcás inar tarraingíodh siar clárú TR arna chumhdach le hAirteagal 79(3) de EMIR, dá gcrostaighítear in Airteagal 5(2) de SFTR;
 - d. Taifid a choinneáil de chonraí de SFTanna i gcomhréir le hAirteagal 80(3) de EMIR, a ndearnadh crostagaírt dó in 5(2) de SFTR: agus
 - e. Airteagal 21(2) de RTS ar chlárú faoi SFTR.

Cén uair?

3. Beidh feidhm leis na treoirlínte seo ón 3 Deireadh Fómhair 2022.

2 Tagairtí reachtacha, giorrúcháin agus sainmhínte

2.1 Tagairtí reachtacha

<i>EMIR</i>	Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála ¹⁴
<i>ITS maidir le tuairisciú</i>	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/363 ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2018 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme maidir le formáid agus minicíocht tuarascálacha ar shonraí na n-idirbheart maoinithe urrús (SFTanna) chuig stórtha trádála i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/2365 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1247/2012 ón gCoimisiún maidir le húsáid na gcód tuairiscithe agus conarthaí díorthach á dtuairisciú ¹⁵
<i>Rialachán ESMA</i>	Rialachán (AE) Uimh 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margáí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 2009/77/CE ón gCoimisiún ¹⁶
<i>RTS maidir le clárú</i>	Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún (AE) 2019/359 ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2018 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2015/2365 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear sonraí an iarratais ar chlárú agus síneadh ar chlárú mar stór trádála ¹⁷
<i>RTS maidir le comhbhailiú sonraí</i>	Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/358 ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2018 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2015/2365 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála maidir le sonraí ar idirbhearta maoinithe urrúis a bhailiú, a fhíorú, a chomhiomlánú, a chur i gcomparáid agus a fhoilsiú (SFTanna) ag stórtha trádála ¹⁸

¹⁴ IO L 201, 27.7.2012, lch.1

¹⁵ IO L 81, 22.3.2019, p. 85–124

¹⁶ IO L 331, 15.12.2010, lgh. 84–119

¹⁷ IO L 81, 22.3.2019, p. 45–57

¹⁸ IO L 81, 22.3.2019, lch. 30-44

<i>RTS maidir le rochtain ar shonraí</i>	Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2019/357 ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2018 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2015/2365 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála maidir le rochtain ar mhionsonraí idirbheart maoinithe urrús (SFTanna) a choinnítear i stórtha trádála ¹⁹
<i>RTS maidir le tuairisciú</i>	Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/356 ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2018 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2015/2365 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear sonraí na n-idirbheart maoinithe urrús (SFTanna) a bheidh le tuairisciú do stórtha trádála ²⁰
<i>SFTR</i>	Rialachán (AE) 2015/2365 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le trédhearcacht idirbheart maoinithe urrús agus athúsáid agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ²¹
<i>Treoirlínte maidir le suímh</i>	Treoirlínte ar shuíomhanna SFT a ríomh de réir stórtha trádála faoi SFTR ²²
<i>Treoirlínte Tuairiscithe SFTR</i>	Treoirlínte maidir le Tuairisciú faoi Airteagail 4 agus 12 SFTR ²³

2.2 Giarrúcháin

<i>AE</i>	An tAontas Eorpach
<i>BCE</i>	An Banc Ceannais Eorpach
<i>BCN</i>	Banc Ceannais Náisiúnta
<i>C&F</i>	Ceisteanna agus Freagraí
<i>CP</i>	Páipéar Comhairliúcháin

¹⁹ IO L 81, 22.3.2019, p. 22–29

²⁰ IO L 81, 22.3.2019, p. 1–21

²¹ IO L 337, 23.12.2015, lch.1

²² ESMA74-362-1986

²³ ESMA70-151-270

<i>CSV</i>	Luachanna deighilte ag camóga
<i>EER</i>	Eintiteas atá Freagrach as Tuairisciú
<i>ESMA</i>	An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margáí
<i>FSB</i>	An Bord um Chobhsaíocht Airgeadais
<i>ISO</i>	Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán
<i>ITS</i>	Caighdeáin Theicniúla Feidhmiúcháin
<i>LEE</i>	An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch
<i>LEI</i>	Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh
<i>RSE</i>	Eintiteas atá ag Cur Tuarascáil Isteach
<i>RTS</i>	Caighdeáin Theicniúla Feidhmiúcháin
<i>SFT</i>	Idirbheart um Maoiniú Urrús
<i>SFTP</i>	Prótacal Aistrithe Comhad SSH
<i>SLA</i>	Comhaontú Leibhéal Seirbhíse
<i>TR</i>	Stór Trádála
<i>TRACE</i>	Córas chun rochtain aonair a fháil ar shonraí TR
<i>ÚIN</i>	Údarás Inniúil Náisiúnta
<i>XML</i>	Teanga Mharcála Inbheisithe

2.3 Gluais coincheap agus téarmaí

Úsáidtear leis an bhrí chéanna na sainmhínte, na coincheapa agus na téarmaí go léir a úsáidtear in SFTR, sa RTS reatha ar thuirisciú (SFTR) agus san ITS ar thuirisciú (SFTR), agus san RTS is infheidhme ar rochtain ar shonraí (SFTR) agus sna Ceisteanna agus Freagraí agus sna treoirínte seo.

Chun críche na dTreoirínte seo tá na téarmaí seo a leanas sainmhínte/minithe thíos:

- ciallaíonn “cliant gníomhach” rannpháirtí SR a bhfuil SFTanna amuigh ag TR aige.
- Ba cheart “eintiteas atá freagrach as an tuarascáil” (ERR, anseo feasta), atá ar cheann de na réimsí contrapháirtí den RTS maidir le tuairisciú (SFTR), a thuiscint mar an contrapháirtí airgeadais atá freagrach as tuairisciú thar ceann an chontrapháirtí eile.
- ciallaíonn “SFT earráidithe” SFT a thuiriscítear do TR mar thoradh ar bhotún. Sainithnítear é leis an gcineál gnímh “EROR”.
- cuimsíonn “teagmhais saolré” gach cineál gníomhaíochta a thuiriscítear maidir le SFT ar leith.
- ciallaíonn “SFT aibithe” SFT a thuiriscítear do TR agus a bhfuil a dháta aibíochta arna chomhaontú go conarthach sroichte aige ag pointe áirithe ama.
- ciallaíonn “TR nua” TR a bhfuil rannpháirtí TR tosaithe nó a bhfuil sé ar intinn aige tosú ag tuairisciú conarthaí SFT faoi Airteagal 4 de SFTR, cé go raibh an t-eintiteas sin ag tuairisciú, go díreach nó trí RSE, don sean-TR ar dtús.
- ciallaíonn “cliant neamhghníomhach” rannpháirtí TR nach bhfuil SFTanna gan íoc ag TR aige a thuilleadh.
- ciallaíonn “sean-TR” TR a raibh rannpháirtí TR ag tuairisciú dó nó ar thuiriscigh RSE conarthaí SFT de chuid rannpháirtí TR dó faoi Airteagal 4 de EMIR, ach (i) chinn an rannpháirtí TR scor dá thuirisciú ar shocrú conarthach nó (ii) tarraingíodh siar clárú an TR.
- ciallaíonn “SFT gan íoc” SFT nár aibigh nó nach raibh ina ábhar le tuarascálacha le cineálacha gníomhaíochta “EROR”, “ETRM”, nó “POSC” dá dtagraítear i Réimse 98 de Thábla 2 d’Iarscríbhinn I den ITS maidir le tuairisciú (SFTR).
- ciallaíonn “inaistritheacht” an fhéidearthacht taifid a bhaineann le sonraí SFT arna dtuirisciú faoi Airteagal 4 de SFTR a aistriú ón sean-TR go dtí an TR nua, mar a shainítear iad sna treoirínte seo.
- ciallaíonn “suímh” léiriú risíochtaí idir péire contrapháirtithe mar atá ar áireamh sna Treoirínte maidir le suímh (SFTR)
- ciallaíonn “réiteach” an próiseas trína ndeimhníonn TRanna gur thuiriscigh gach ERR an dá thaobh de SFT leis an bhfaisnéis chéanna.

- ciallaíonn “diúltuithe” SFTanna ar dhiúltaigh TR dóibh de bharr earráidí san fhaisnéis arna tuairisciú ag ERR nó RSE.
- Ba cheart “eintiteas a chuir isteach tuarascáil” (RSE, anseo feasta), atá ar cheann de na réimsí contrapháirtí de na caighdeáin theicniúla maidir le tuairisciú²⁴, a thuiscint mar an t-eintiteas a bhfuil gaol conarthach déanta aige le TR cláraithe nó aitheanta agus:
 - ní thuairiscíonn sé ach SFTanna i gcás ina bhfuil sé ar cheann de na contrapháirtithe, agus sa chás sin bheadh sé i gcomhráth le contrapháirtí tuairiscithe an chonartha nó leis an gcontrapháirtí eile, nó
 - tuairiscíonn sé SFTanna i gcás ina bhféadfadh sé a bheith ar cheann de na contrapháirtithe, nó a mhalairt.
- ciallaíonn “SFTanna foirceanta” idirbheart maoinithe urrús arna bhfoirceannadh roimh a ndáta aibíochta arna chomhaontú go conarthach ag an dá chontrapháirtí agus atá sainaitheanta le cineál gníomhaíochta “ETRM”.
- ciallaíonn “aistriú” nó “aistriú (sonraí) SFTanna” gníomh nó próiseas chun taifid na SFTanna, faoi seach, a aistriú ón sean-TR go dtí an TR nua.
- Ciallaíonn “rannpháirtí TR”²⁵ eintiteas a bhfuil socrú conarthach aige chun críocha conarthaí SFT a thuairisciú faoi Airteagal 4 de SFTR a bhfuil ar a laghad TR amháin cláraithe nó aitheanta aige. Féadfaidh an rannpháirtí TR a bheith ina RSE, ina ERR, ina chontrapháirtí tuairiscithe nó ina chontrapháirtí lárnach.

3 Cuspóir

4. Is iad cuspóirí na dtreoirlínte seo cleachtas mhairseachta atá comhsheasmhach, éifeachtúil agus éifeachtach a bhunú laistigh den ESFS agus cur i bhfeidhm coiteann, aonfhoirmeach agus comhsheasmhach a áirithiú trí shoiléiriú a sholáthar do TRanna, do chontrapháirtithe tuairiscithe agus do ERR maidir le conas comhlíonadh na bhforálacha SFTR seo a leanas a áirithiú i gcónaí:
 - a. Airteagal 4(1) de SFTR a fhorálann “Tuairisceoidh contrapháirtithe in SFTanna sonraí aon SFTanna a bheidh tugtha i gcrích acu, chomh maith le haon mhodhnú nó foirceannadh orthu, chuig stór trádála atá cláraithe i gcomhréir le hAirteagal 5 nó arna aithint i gcomhréir le hAirteagal 19. Déanfar na mionsonraí sin a thuairisciú tráth nach déanaí ná an lá oibre tar éis an t-idirbheart a thabhairt i gcrích, a mhodhnú nó a fhoirceannadh.”,

²⁴ <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A32017R0104>

²⁵ D'fhéadfadh roinnt TRanna na cineálacha rannpháirtithe TR a shonrú tuilleadh, amhail rannpháirtithe tuairiscithe, tuairiscithe ginearálta, neamhthuairiscithe, etc. Tá na fochatagóirí seo trédhearcah ó thaobh na dtreoirlínte seo.

- b. Airteagal 80(3) de EMIR lena bhforáiltear “Déanfaidh stór trádála an fhaisnéis a gheofar faoi Airteagal 9 a thaifeadadh go pras agus coimeádfar í go ceann 10 mbliana ar a laghad tar éis na conarthaí ábhartha a fhoirceannadh. Úsáidfidh sé nósanna imeachta coimeáda taifead atá tráthúil agus éifeachtach chun athruithe ar fhaisnéis thaifeadta a dhoiciméadú.”, dá gcrostaítear in Airteagal 5(2) den SFTR;
 - c. Airteagal 79(3) de EMIR lena bhforáiltear “Áiritheoidh stór trádála óna bhfuil an clárúchán tarraingthe siar ionadú ordúil lena n-áirítear sonraí a aistriú chuig stórtha trádála eile agus sreafaí tuairiscithe a atreorú chuig stórtha trádála eile.”; dá gcrostaítear in Airteagal 5(2) den SFTR; agus
 - d. Na nósanna imeachta maidir le hinaistritheacht faoi Airteagal 78(9) de EMIR, dá gcrostaítear in Airteagal 5(2) de SFTR.
5. Tá na Treoirí bunaithe ar Airteagal 16(1) de Rialachán an ESMA, lena bhforáiltear “Déanfaidh an tÚdarás, d’fhonn cleachtais mhaoirseachta atá comhsheasmhach, éifeachtúil agus éifeachtach a bhunú laistigh den ESFS, agus chun cur i bhfeidhm coiteann, aonfhoirmeach agus comhsheasmhach dlí an Aontais a áirithiú, treoirí a eisiúint a dhíreofar ar gach údarás inniúil go léir nó chuig gach rannpháirtí sa mhargadh airgeadais agus eiseoidh sé moltaí chuig údarás inniúil amháin nó níos mó nó chuig rannpháirtí margaidh airgeadais amháin nó níos mó.”
6. Tá trí aidhm ag na Treoirí nua ar aistriú sonraí faoi SFTR:
 - a. Bacainní ar inaistritheacht a bhaint ón timpeallacht iomaíoch TR, agus a áirithiú gur féidir le rannpháirtithe TR leas a bhaint as an timpeallacht il-TR;
 - b. Cáilíocht na sonraí atá ar fáil d’údarás a áirithiú, lena n-áirítear na comhiomláin arna ndéanamh ag TRanna, fiú nuair a athraíonn an rannpháirtí TR an TR dá dtuairiscíonn sé agus is cuma cén chúis atá leis an athrú sin;
 - c. A áirithiú go bhfuil bealach comhsheasmhach, caighdeánaithe agus comhchuibhithe ann chun taifid a aistriú ó TR amháin go TR eile agus tacú le leanúnachas tuairiscithe agus réitigh i ngach cás lena n-áirítear clárú TR a tharraingt siar.
7. D’fhéadfadh sé a bheith riachtanach sonraí a aistriú chuig TR eile ar chúiseanna éagsúla. Mar sin, tugann na Treoirí aghaidh ar leithligh ar na cásanna (i) inar tharla an t-aistriú mar gheall ar chlárú an TR a tharraingt siar ó na cásanna (ii) ina ndéantar an t-aistriú ar bhonn deonach agus faoi ghnáthchoinníollacha an mhargaidh. Baineann Treoirí 1 go 15 agus Treoirí 33 agus 34 leis an dá chás; ní bhaineann treoirí 16 go 22 ach le portáil dheonach; agus ní bhaineann Treoirí 23 go 32 ach le clárú TR a tharraingt siar. Bheadh na dreasachtaí agus na spreagthaí do na páirtithe ábhartha i ngach ceann den dá chás difriúil agus mar sin tá gá le cur chuige sonracha i ngach cás ar leith.

8. Bunaíonn na Treoirlínte prionsabail ardleibhéil a chaithfidh rannpháirtithe TR a leanúint, e.g. RSE, ERRanna, contrapháirtithe agus contrapháirtithe lárnacha, ar thaobh amháin, agus na TRanna ar an taobh eile. Comhlánaítear na prionsabail sin le nósanna imeachta sonracha, a leagtar amach chun a áirithiú go n-aistrítear sonraí idirbheart maoinithe urrús go tráthúil agus go láidir. Ní chumhdaíonn na Treoirlínte seo, áfach, cásanna nach gá sonraí a aistriú iontu, amhail contrapháirtithe tuairiscithe a chinn tuairisciú le dhá TR nó níos mó ag an am céanna.

4 Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe

4.1 Stádas na dtreoirlínte

9. I gcomhréir le hAirteagal 16(3) de Rialachán ESMA, ní mór d'údaráis inniúla agus do rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais gach iarracht a dhéanamh na treoirlínte seo a chomhlíonadh.
10. Ba cheart do na húdaráis inniúla a bhfuil feidhm ag na treoirlínte seo ina leith iad a chomhlíonadh trína n-ionchorprú ina gcreataí náisiúnta dlí agus/nó maoirseachta de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil treoirlínte ar leith dírithe go príomha ar rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais. Sa chás sin, ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú trína maoirseacht go bhfuil na treoirlínte á gcomhlíonadh ag rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais.
11. Déanfaidh ESMA measúnú ar chur i bhfeidhm na dtreoirlínte sin ag TRanna trína mhaoirseacht dhíreach leanúnach.

4.2 Ceanglais tuairiscithe

12. Laistigh de dhá mhí ó dháta foilsithe na dtreoirlínte ar shuíomh gréasáin ESMA i dteangacha oifigiúla uile an Aontais, ní mór do na húdaráis inniúla a bhfuil feidhm ag na treoirlínte seo maidir leo fógra a thabhairt do ESMA maidir le cé acu (i) atá na treoirlínte a gcomhlíonadh acu, (ii) nach bhfuil na treoirlínte á gcomhlíonadh ach é beartaithe acu iad a chomhlíonadh, nó (iii) nach bhfuil na treoirlínte á gcomhlíonadh acu agus nach bhfuil sé beartaithe acu iad a chomhlíonadh.
13. I gcás neamhchomhlíonadh, ní mór do na húdaráis inniúla fógra a thabhairt do ESMA freisin laistigh de dhá mhí ó dháta foilsithe na dtreoirlínte ar shuíomh gréasáin ESMA i dteangacha oifigiúla uile an Aontais faoi na cúiseanna atá acu gan na treoirlínte a chomhlíonadh.
14. Tá teimpléad le haghaidh fógra a thabhairt ar fáil ar shuíomh gréasáin ESMA. Nuair a bheidh an teimpléad líonta isteach, déanfar é a tharchur chuig ESMA.

15. Ní cheanglaítear ar TRanna a thuirsciú an bhfuil na treoirlínte seo á gcomhlíonadh acu.
16. Ní cheanglaítear ar chontrapháirithe agus ar eintitis a thuiriscíonn thar a gceann a thuirsciú cé acu an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann siad na treoirlínte seo.

5 Treoirlínte ar aistriú sonraí idir Stórtha Trádála faoi SFTR

Treoirlíne 1. Níor cheart go ndéanfadh ach an sean-TR agus an TR nua aistriú sonraí SFT. Níor cheart don TR nua glacadh le tuairiscí dúblacha ó rannpháirithe TR a bhaineann le hidirbhearta maoinithe urrús atá faoi réir aistrithe. Níor cheart go nglacfadh an sean-TR le tuarascálacha le cineálacha gníomhaíochta “ETRM” agus “EROR” arna ndéanamh ag rannpháirithe TR maidir le SFTanna atá faoi réir aistriú.

Treoirlíne 2. Ba cheart go ndéanfadh na TRanna aistriú na sonraí i gcomhréir le plean ascnaimh a chomhaontaítear go frithpháirteach. Ba cheart go mbeadh an phleanáil mhionsonraithe (amlíne) agus cur síos ar na rialuithe riachtanacha atá i bhfeidhm chun aistriú tráthúil, iomlán agus cruinn na sonraí a áirithiú mar chuid den phlean ascnaimh.

Treoirlíne 3. Ba cheart do gach TR teimpléad caighdeánaithe don phlean imirce a chomhaontófar go frithpháirteach ar fud na TRanna go léir a úsáid agus a chomhlíonann an t-ábhar atá ar áireamh i dTreoirlíne 4.

Treoirlíne 4. Ba cheart go mbeadh an fhaisnéis seo a leanas sa phlean imirce:

- (i) raon feidhme an aistrithe sonraí (m.sh. an rannpháirtí/na rannpháirithe TR), na SFTanna atá i gceist, etc.);
- (ii) róil agus freagrachtaí mionsonraithe na n-eintiteas lena mbaineann;
- (iii) amlíne agus garspriocanna ábhartha don aistriú;
- (iv) na rialuithe is gá chun sláine na sonraí aistrithe a áirithiú (e.g. an cineál criptithe arna úsáid);
- (v) na rialuithe is gá chun iomláine agus cruinneas na sonraí aistrithe (e.g. suimeanna seiceála cripteagrafacha agus algartaim haiseála);
- (vi) na rialuithe is gá chun leanúnachas oibríochtaí agus stádas réitigh idir-TR na SFTanna atá á n-aistriú a áirithiú;
- (vii) am scoite agus infhaighteacht sonraí; agus
- (viii) Aon fhaisnéis eile a éascóidh agus a shlánóidh aistriú rianúil sonraí.

Treoirlíne 5. Ba cheart do TRanna sonraí a aistriú chuig a chéile trí úsáid a bhaint as an bhformáid XML agus an teimpléad a shainítear i gcomhréir le hAirteagal 4 den RTS maidir le rochtain ar shonraí. Dá ainneoin sin, i gcás (i) SFTanna nach bhfuil gan íoc tráth an aistrithe, nó (iii) SFTanna diúltaithe, d’fhéadfadh na TRanna comhaid luacha scartha le camóg (csv) a

úsáid. Sna comhaid a aistrefar, ba cheart go n-áireofaí leis an sean-TR na sonraí ábhartha uile maidir leis na SFTanna atá faoi réir aistriú.

Treoirlíne 6. Ba cheart do na TRanna prótacail shlána meaisín-go-meaisín a úsáid, lena n-áirítear Prótacal Aistrithe Comhad SSH, chun sonraí a aistriú idir a chéile.

Treoirlíne 7. Ba cheart do na TRanna ardphrotacail criptithe a úsáid agus ba cheart dóibh na heochracha criptithe poiblí ábhartha a mhalartú lena bpiaraí. Chun feidhmiú gan uaim criptithe sonraí a chinntiú, ba cheart do na TRanna a thástáil roimh ré go bhfuil siad in ann comhaid sonraí a chéile a chripiú agus a dhíchripiú.

Treoirlíne 8. Ba cheart go n-áireofaí leis an sean-TR líon na SFTanna agus líon na dteagmhais saolré comhfhreagrach a aistrefar chuig an TR nua. Ba cheart go n-iarrfadh an sean-TR ar an rannpháirtí TR aontú na n-uimhreacha a bhaineann le SFTanna gan íoc agus ba cheart go réiteodh sé gach neamhréiteach chomh luath agus is féidir agus tráth nach déanaí ná laistigh de chúig lá oibre.

Treoirlíne 9. I gcás gach comhad a ghintear agus a aistrítear, ba cheart don sean-TR suimeanna seiceála cripteagrafacha a ghiniúint agus a áireamh san aistriú sonraí de réir algartam haiseála a chomhaontaítear go frithpháirteach.

Treoirlíne 10. Ba cheart an t-aistriú sonraí a iarrann rannpháirtí TR a dhéanamh, mar phrionsabal ginearálta, ar lá nach lá oibre é. Is féidir leis an sean-TR agus an TR nua comhaontú, áfach, é a dhéanamh ar lá oibre ag brath ar mhéid an aistrithe a bhfuiltear ag súil leis.

Treoirlíne 11. Roimh an t-aistriú sonraí ar an lá neamh-oibre, ba cheart do TRanna a áirithiú go modhnóidh rannpháirtithe TR na SFTanna gan íoc atá faoi réir aistriú sonraí chun an ceanglas tuairiscithe is déanaí a chomhlíonadh faoi 23:59:59 ar a dhéanaí ar an Aoine roimh an deireadh seachtaine ar a bhfuil an portáil le déanamh agus

- (i) i gcás portáil iomlán, ó thús an aistrithe sonraí, níor cheart go nglacfaidh an sean-TR le tuarascálacha ar imeachtaí saolré agus sonraí suímh a bhaineann leis na SFTanna atá faoi réir aistriú;
- (ii) agus ina theannta sin, i gcás portáil pháirteach, ba cheart don rannpháirtí TR tuairisciú cruinn ar imeachtaí saolré a bhaineann leis na SFTanna do na TRanna ábhartha a áirithiú.

Maidir le haistrithe ar laethanta oibre, ba cheart don sean-TR agus don TR nua am a aontú, roimh an aistriú sonraí, faoinar cheart don rannpháirtí TR na modhnuithe ar na SFTanna gan íoc atá faoi réir aistriú sonraí a chur i gcrích. I gcás aistrithe ar laethanta oibre, ba cheart go gcomhlíonfadh an sean-TR agus an rannpháirtí TR (i) agus (ii).

Treoirlíne 12. Go dtí go gcríochnófar aistriú na gcomhad ábhartha go léir atá faoi réir an aistrithe, níor cheart don TR nua glacadh le teagmhais shaolré agus sonraí suímh a bhaineann

leis na SFTanna atá faoi réir aistriú. Ba cheart go gcuirfeadh an sean-TR na sonraí ar SFTanna ar fáil do na húdaráis ábhartha.

Treoirlíne 13. Nuair a bheidh an t-aistriú sonraí críochnaithe, ba cheart don TR nua:

- (i) na sonraí a chur ar fáil do na húdaráis;
- (ii) an duine is ábhar do na sonraí atá le haistriú a áireamh sna comhiomláin ábhartha phoiblí agus d'údaráis amháin;
- (iii) na sonraí a áireamh sa phróiseas réitigh idir-TR, de réir mar is infheidhme.

Treoirlíne 14. Tar éis taifid rannpháirtí TR a aistriú chuig TR eile, níor cheart go ngearrfadh an sean-TR aon táillí sonracha as taifid a choinneáil ar SFTanna nach bhfuil fós le híoc.

Treoirlíne 15. I gcás nach féidir na sonraí go léir i raon feidhme an phlean imirce a aistriú in aon iarracht amháin, ba cheart do na TRanna na sonraí a aistriú i gcomhréir leis an ord seo a leanas:

- (i) staid na SFTanna gan íoc is déanaí a fuarthas, i.e. an “staid trádála”;
- (ii) i gcás clárú a tharraingt siar, na tuarascálacha a bhaineann le teagmhais saolré is infheidhme maidir leis na SFTanna gan íoc;
- (iii) i gcás clárú a tharraingt siar, gach SFT foirceanta agus aibithe atá fós faoi réir an cheanglais faoi Airteagal 80(3) de EMIR, dá gcróstagraítear in Airteagal 5(2) de SFTR, mar aon leis na teagmhais shaolré ábhartha;
- (iv) i gcás clárú a tharraingt siar, gach SFT earráidithe atá fós faoi réir an cheanglais faoi Airteagal 80(3) de EMIR, dá gcróstagraítear in Airteagal 5(2) de SFTR, mar aon leis na teagmhais shaolré ábhartha;
- (v) i gcás clárú a tharraingt siar, líon iomlán na SFTanna diúltaithe arna dtuairisciú ag an rannpháirtí TR agus nár éirigh leo sna bailíochtaithe sonraí;
- (vi) i gcás clárú a tharraingt siar, an loga tuairiscithe i bhformáid meaisín-inléite den sean-TR ina dtaifeadtar an chúis nó na cúiseanna le modhnú, an dáta, an stampa ama agus cur síos soiléir ar na hathruithe (lena n-áirítear sean-ábhar agus ábhar nua na sonraí ábhartha) a bhaineann leis na SFTanna a aistrítear; agus
- (vii) i gcás clárú a tharraingt siar, na sonraí go léir ar dhiúltuithe, rud a chiallaíonn na tuarascálacha amach d'údaráis a bhaineann le diúltaithe i bhformáid XML, agus na sonraí go léir maidir le réitigh, rud a chiallaíonn na tuarascálacha amach d'údaráis a bhaineann le stádas an réitigh san fhormáid XML.

Treoirlíne 16. I gcás aistriú sonraí arna iarraidh ag rannpháirtí TR, ba cheart go gcinneadh an sean-TR ar cheart na SFTanna ar fad nó cuid díobh a bhaineann le contrapháirtithe nach rannpháirtithe tuairiscithe TR iad agus a thuiriscigh an rannpháirtí TR a aistriú chuig an TR nua.

Treoirlíne 17. Más rud é, i gcás aistriú sonraí arna iarraidh ag rannpháirtí TR, go gcinneadh rannpháirtí neamhthuiriscithe TR fanacht leis an sean-TR cé gur iarr a rannpháirtí tuairiscithe

TR aistriú go TR eile, ba cheart go mbainfeadh an sean-TR na SFTanna a cuireadh isteach thar ceann an rannpháirtí neamhthuaiscithe TR ó na SFTanna a aistrítear.

Treoirlíne 18. I gcás aistriú sonraí arna iarraidh ag rannpháirtí TR, agus nuair nach dtarraingítear siar clárú an sean-TR nó nuair nach bhfuiltear á tharraingt siar, ní dhéanfar ach an staid is déanaí de na SFTanna gan íoc, i.e. an “staid trádála”, a aistriú.

Treoirlíne 19. I gcás aistriú sonraí arna iarraidh ag rannpháirtí TR, ba cheart don sean-TR agus don TR nua an próiseas a gcuirtear síos air sa nós imeachta in larscríbhinn I maidir le haistriú sonraí arna iarraidh sin do rannpháirtí TR faoi SFTR a chomhlíonadh. Ba cheart do na TRanna an plean imirce maidir le haistriú sonraí rannpháirtí TR ar leith a chomhaontú a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná deich lá oibre tar éis an iarraidh a fháil.

Treoirlíne 20. I gcás aistriú sonraí arna iarraidh ag rannpháirtí TR, a luaithe a aistrítear na SFTanna gan íoc de chuid rannpháirtí TR chuig an TR nua, ba cheart don TR nua é seo a dhearbhu don rannpháirtí TR, don sean-TR, don chuid eile de na TRanna. agus na húdaráis ábhartha a fhaigheann rochtain ar SFTanna arna dtuaisciú ag an rannpháirtí TR.

Treoirlíne 21. I gcás aistriú sonraí arna iarraidh ag rannpháirtí TR, ba cheart don sean-TR na sonraí aistrithe a leithlisiú agus a choinneáil go sábháilte, trí na beartais, na nósanna imeachta agus na coimircí coinneála taifead céanna a chur i bhfeidhm ar na sonraí aistrithe agus a bhaineann leis an gcuid eile de shonraí SFT arna dtuaisciú don TR sin, go ceann trí mhí ar a laghad agus ba cheart go n-áiritheofaí leo aisghabháil sonraí laistigh de sheacht lá féilire ar a mhéad.

Treoirlíne 22. I gcás aistriú arna iarraidh ag rannpháirtí TR, ba cheart go mbeadh aon táillí a ghearrann an sean-TR nó an TR nua bainteach le costais, neamh-idirdhealaitheach agus go n-áireofaí iad i sceideal táillí na TRanna ábhartha, a fhógraítear go poiblí.

Treoirlíne 23. I gcás clárú TR a tharraingt siar, ba cheart go gcuimseodh an t-aistriú sonraí sonraí uile na SFTanna arna dtuaisciú don TR, lena n-áirítear na cinn diúltaithe, mar aon leis an loga tuairiscithe ábhartha, agus na sonraí go léir maidir le diúltuithe, rud a chiallaíonn na tuarascálacha amach do údaráis a bhaineann le diúltuithe i bhformáid XML, agus na sonraí go léir ar réiteach, rud a chiallaíonn na tuarascálacha amach d'údaráis a bhaineann le stádas an réitigh san fhoráid XML. Ba cheart an t-ord aistrithe sonraí atá leagtha amach i dTreoirlíne 15 a leanúint.

Treoirlíne 24. I gcás clárú TR a tharraingt siar, ba cheart an plean/na pleananna aistrithe haghaidh aistriú sonraí a áireamh mar chuid den plean foirceanta arna thíolacadh ag an TR.

Treoirlíne 25. I gcás ina mbaineann an t-aistriú sonraí le clárú TR a tharraingt siar, ba cheart don sean-TR agus an TR nua cloí leis an nós imeachta atá in larscríbhinn II maidir le haistriú i gcás clárú a tharraingt siar faoi SFTR. Ba cheart an t-ord aistrithe sonraí atá leagtha amach i dTreoirlíne 15 a leanúint. Ba cheart go soláthródh an sean-TR, i.e. an ceann a bhfuil a chlárú le tarraingt siar, dóthain fianaise don ESMA gur éirigh leis na haistrithe go léir.

Treoirlíne 26. I gcás clárú a tharraingt siar arna iarraidh sin do TR, ba cheart dó fógra a thabhairt don ESMA roimh ré maidir leis an dáta atá beartaithe le haghaidh scoir oibríochtaí

agus ba cheart dó fógra a thabhairt láithreach trí mhodh leictreonach do na rannpháirtithe TR, do na TRanna eile, agus do na ÚINanna ábhartha. I gcás TRanna a bhfuil níos mó ná 500 rannpháirtí TR acu ba cheart réamhfhógra naoi mí ar a laghad a thabhairt, agus i gcás TRanna ina bhfuil níos lú ná 500 rannpháirtí TR, ba cheart go mbeadh réamhfhógra sé mhí ar a laghad a thabhairt.

Treoirlíne 27. I gcás clárú a tharraingt siar, a luaithe a bheidh an t-aistriú/na haistrithe curtha i gcrích, ba cheart don TR nua é a dheimhniú do na rannpháirtithe TR, do na TRanna go léir atá fágtha agus do na ÚINanna faoi seach.

Treoirlíne 28. I gcás clárú a tharraingt siar, ba cheart don sean-TR na sonraí aistrithe a leithlisiú agus a choinneáil go sábháilte, trí na beartais, na nósanna imeachta agus na coimircí coinneála taifead céanna a chur i bhfeidhm ar na sonraí aistrithe agus a bhaineann leis an gcuid eile de na sonraí, go dtí dáta scoir iarbhír na n-oibríochtaí. agus ba cheart go n-áiritheofaí leo aisghabháil tráthúil sonraí laistigh de sheacht lá féilire ar a mhéad. Ar dháta scoir iarbhír na n-oibríochtaí, ba cheart go ndéanfadh an sean-TR scriosadh slán, i gcomhréir leis na cleachtais is fearr agus na teicnící is iontaoifa atá ar fáil, ag cinntiú nach bhféadfaí sonraí a dhíscriosadh ná a aisghabháil tar éis an dáta sin.

Treoirlíne 29. I gcás clárú a tharraingt siar, níor cheart go ngearrfadh aon cheann de na TRanna táillí as aistriú sonraí.

Treoirlíne 30. I gcás clárú a tharraingt siar, féadfaidh an TR nua táillí a ghearradh ar na rannpháirtithe gníomhacha TR as sonraí a gcuid SFT gan íoc.

Treoirlíne 31. I gcás clárú a tharraingt siar, is féidir leis an TR nua sonraí SFT nach SFTanna gan íoc iad agus atá ar chaighdeán éagsúla a stóráil agus/nó i bhformáidí éagsúla i mbunachair shonraí/táblaí ar leith. Ba cheart don TR nua freagra a thabhairt ar cheisteanna na n-údarás ar éileamh.

Treoirlíne 32. I gcás clárú a tharraingt siar, ba cheart don TR a dtarraingeofar siar a chlárú an fhaisnéis theicniúil is gá ar na sonraí atá le haistriú a sholáthar don TR nua chun an t-aistriú sonraí chuig an TR nua agus an stóráil ina dhiaidh sin a éascú. Ba cheart go gcuirfeadh an sean-TR nua an fhaisnéis a luadh roimhe seo ar fáil go tráthúil chun ligean don TR nua ullmhú de réir mar is gá. Ba cheart go gcumhdódh an doiciméadacht theicniúil na gnéithe seo a leanas ar a laghad:

- (i) mapáil na réimsí chuig réimsí SFTR; agus
- (ii) mínithe teicniúla ar gach réimse.

Treoirlíne 33. Roimh agus tar éis taifid de chuid rannpháirtí TR a aistriú, ba cheart don rannpháirtí TR cruinneas na faisnéise comhiomlána seo a leanas maidir leis na SFTanna atá faoi réir aistriú a fhíorú agus a dhearbhu leis an TR nua agus leis an sean-TR, i gcomhréir leis an amú a shonraítear in Guideline 11:

- (i) líon iomlán na SFTanna gan íoc, i gcás ina saináithnítear gach SFT tríd an meascán uathúil de na réimsí “Contrapháirtí tuairiscithe”, “Contrapháirtí eile”, agus “Aitheantóir

Idirbheart Uathúil”, mar aon leis an gcomhthaobhach comhfhreagrach ar glanbhonn, tuarascálacha corrlaigh agus tuarascálacha athúsáide;

(ii) Líon iomlán na dtaifead a bhaineann le teagmhais saolré na SFTanna seo le haghaidh tuarascálacha idirbhirt, corrlaigh agus athúsáide (i gcás iad siúd a aistrítear), i gcás ina

- sainaitnítear gach tuarascáil iasachta agus comhthaobhachta trí chomhcheangal uathúil de na réimsí SFTR “Contrapháirtí tuairiscithe”, “Contrapháirtí eile”, agus “Aitheantóir Idirbheart Uathúil” nó “Cineál máistir-chomhaontaithe”;
- sainaitnítear gach tuarascáil corrlaigh trí chomhcheangal uathúil de na réimsí SFTR “Contrapháirtí tuairiscithe”, “Contrapháirtí eile”, agus “Cód Punainne”;
- sainaitnítear gach tuarascáil athúsáide trí chomhcheangal uathúil de na réimsí SFTR “Contrapháirtí tuairiscithe” agus “Eintiteas atá freagrach as an tuarascáil”;

(iii) Líon iomlán na dtaifead a bhaineann le SFTanna foirceanta agus aibithe le haghaidh tuarascálacha iasachta agus comhthaobhachta, corrlaigh agus athúsáide le cúig bliana anuas, a bhfuil oibleagáid coinneála taifid ina leith i gcomhréir le hAirteagal 4(4) de SFTR (i gcás ina n-aistrítear iad sin);

(iv) Líon iomlán na dtaifead a bhaineann le SFTanna a ndearnadh earráid orthu le haghaidh tuarascálacha iasachta agus comhthaobhachta, corrlaigh agus athúsáide le cúig bliana anuas, a bhfuil oibleagáid coinneála taifid ina leith i gcomhréir le hAirteagal 4(4) de SFTR (i gcás ina n-aistrítear iad sin).

Treoirlíne 34. De bhreis ar Threoirlíne 58 de na Treoirlínte maidir le tuairisciú faoi Airteagal 4 agus Airteagal 12 de SFTR i gcás ina dtuairiscíonn FC agus NFC FBM chuig dhá TR dhifriúla SFTanna gan íoc atá faoi réir aistriú:

(i) má chinneann an NFC FBM gan é féin a thuairisciú, ba cheart SFTanna gan íoc an NFC FBM a aistriú chuig TR an FC, ach amháin má chinneann an FC a bheith ina chliant de chuid TR an NFC FBM agus tuairisc a thabhairt ar na SFTanna arna dtabhairt i gcrích leis an NFC FBM don TR sin.

(ii) gach uair a athraíonn NFC a stádas ó NFC neamh-FBM go NFC FBM agus a chinneann sé gan a SFTanna a thuairisciú é féin, ba cheart dó SFTanna gan íoc arna dtabhairt i gcrích leis an FC a aistriú chuig TR an FC sin amhail ó dháta a stádais athraithe mura gcineann an FC a bheith ina chliant de chuid TR an NFC FBM agus na SFTanna arna dtabhairt i gcrích leis an NFC FBM a thuairisciú don TR sin. Ar an gcaoi chéanna, gach uair a athraíonn NFC a stádas ó NFC FBM go NFC neamh-FBM, ba cheart na SFTanna gan íoc arna dtabhairt i gcrích leis an FC a aistriú ar ais go dtí TR an NFC, mura gcinneann an NFC a bheith ina chliant de TR an FC agus na SFTanna arna dtabhairt i gcrích leis an FC a thuairisciú don TR sin.

(iii) ar mhaithe le haistriú sonraí a chur i gcrích, ní mheastar go rachaidh an NFC ná an FC (ná aon eintiteas a chuireann tuarascáil isteach thar a gceann) ar bord chuig TRanna an chontrapháirtí eile.

5.1 Iarscríbhinn I - Nós imeachta chun sonraí a aistriú arna iarraidh sin ag rannpháirtí TR faoi SFTR

A. Pleanáil agus ullmhúchán
<p>Tar éis an comhaontú conarthach ábhartha a shíniú leis an rannpháirtí TR, cuireann an TR nua in iúl don sean-TR agus aontaíonn sé leis an plan imirce arna mhionléiriú i gcomhréir le Treoirlíne 3.</p> <p>Cuireann an TR nua na húdaráis ábhartha ar an eolas faoin aistriú trí ríomhphost.</p>
<p>Socraíonn agus aontaíonn an sean-TR leis an rannpháirtí TR an fhaisnéis chomhiomlán seo a leanas maidir le SFTanna an rannpháirtí TR atá faoi réir aistriú:</p> <ul style="list-style-type: none"> ○ An staid is déanaí de na SFTanna gan íoc a fuarthas, i.e. an “staid trádála” ○ Líon iomlán na SFTanna gan íoc
<p>Ba cheart go n-iarrfadh an sean-TR deimhniú ar an rannpháirtí TR maidir le cruinneas na faisnéise thuas vis-à-vis taifid an rannpháirtí TR féin²⁶ de réir Threoirlíne 8. I gcás mímheaitseála, ba cheart don sean-TR na huimhreacha ábhartha a réiteach leis an rannpháirtí TR agus liosta deiridh a aontú de na tuarascálacha SFT a aistreofar. Ba cheart go réiteodh an sean-TR gach neamhréiteach <i>chomh luath agus is féidir agus laistigh de chúig lá oibre ar a dhéanaí.</i></p>
B. Aistriú a chur i gcrích
<p>A luaithe a dheimhnítear líon na SFTanna agus na dtaifead, ba cheart don sean-TR leanúint ar aghaidh ag giniúint an chomhaid/na gcomhad ábhartha i gcomhréir le Treoirlíne 5 agus leis na prionsabail cineálacha ábhartha.</p> <p>Feidhmíonn an sean-TR agus na TRanna nua an plan ascnaimh. Ba chóir don sean-TR na comhaid a ghintear a aistriú chuig an TR nua ina n-admhaítear an t-aistriú comhad.</p> <p>Maidir leis seo, ba chóir na SFTanna gan íoc a aistrú laistigh de dheireadh seachtaine réamhchinnte nó ar lá oibre aontaithe.</p>
C. Fíorú na sonraí arna n-aistriú
<p>Ba cheart don TR nua na figiúirí agus an fhaisnéis seo a leanas do na taifid a fuarthas a chinneadh agus iomláine an aistrithe a fhíorú:</p> <ul style="list-style-type: none"> ○ An staid is déanaí de na SFTanna gan íoc a fuarthas, i.e. an “staid trádála”

²⁶ De réir Airteagal 4(4) SFTR “Coinneoidh contrapháirtithe taifead ar aon SFT a bheidh tugtha i gcrích acu, arna modhnú nó arna foirceannadh acu ar feadh cúig bliana ar a laghad tar éis fhoirceannadh an idirbhirt.” I gcás rannpháirtí TR tuairiscithe a thuiriscíonn thar ceann cinn eile, ba cheart dó a gcuid taifead siúd a úsáid freisin.

- o Líon iomlán na SFTanna gan íoc

Ba cheart don TR nua dearbhú a iarraidh ar rannpháirtí TR maidir le cruinneas na faisnéise thuas vis-à-vis taifid an rannpháirtí TR féin²⁷ de réir Threoirlíne 33. I gcás mímhéaitseála, ba cheart don dá TR iarracht a dhéanamh na huimhreacha ábhartha a réiteach leis an rannpháirtí TR go dtí go dtiocfar ar chomhaontú.

D. Fógraí deiridh

Ba cheart don TR nua gach TR a chur ar an eolas go bhfuil an rannpháirtí tuairiscithe tar éis athrú chuige. Ba cheart an fhaisnéis sin a úsáid chun an próiseas comhréitigh a éascú do na SFTanna ábhartha a aistríodh chuig an TR nua.

Ba cheart don TR nua an ÚIN/na ÚINanna ábhartha agus an ESMA a chur ar an eolas faoi thabhairt chun críche aistriú sonraí an rannpháirtí TR agus na cineálacha SFTanna i dtrácht a shainaithint.

E. Taifeadh agus scriosadh slán sonraí

Ba cheart go mbainfeadh an sean-TR na díorthaigh imirce atá fós gan íoc as aon chomhbhailiúcháin sonraí.

Ba cheart go gcoimeádfadh an sean-TR na sonraí a aistríodh chomh fada agus a shonraítear sna prionsabail ghinearálta agus de réir riachtanais SFTR mar a bhí roimh an aistriú.

Ba cheart don sean-TR an loga tuairiscithe a choinneáil go ceann 10 mbliana ar a laghad tar éis fhoirceannadh na gconarthaí ábhartha.

Ba cheart don sean-TR na sonraí aistriithe a scriosadh nuair a cheadaítear é sin agus de réir na bprionsabal ginearálta ábhartha maidir le scriosadh slán.

²⁷ De réir Airteagal 4(4) SFTR “Coinneoidh contrapháirtithe taifead ar aon SFT a bheidh tugtha i gcrích acu, arna modhnú nó arna fhoirceannadh acu ar feadh cúig bliana ar a laghad tar éis fhoirceannadh an idirbhirt.” I gcás rannpháirtí TR tuairiscithe a thuiriscionn thar ceann cinn eile, ba cheart dó a gcuid taifead siúd a úsáid freisin.

5.2 Iarscríbhinn II - Nós imeachta imirce i gcás clárú a tharraingt siar faoi SFTR

<p>A. Fógra tosaigh</p>
<p>(Tarraingt siar dheonach) Cuireann an TR an ESMA, rannpháirtithe TR, TRanna agus ÚINanna eile atá bainteach leis ar an eolas faoina iarratas chun a chlárú a tharraingt siar ar a laghad roimh ré (de réir Threoirlíne 26) maidir leis an dáta atá beartaithe le haghaidh scor na n-oibríochtaí (i gcás tarraingt siar arna iarraidh ag an TR).</p> <p>Nó</p> <p>(Tarraingt siar neamhdheonach) Cuireann ESMA in iúl don TR/do na TRanna nua agus do na ÚINanna gur cheart go bhfaigheadh an TR/na TRanna nua sonraí a tuairiscíodh don sean-TR ar dtús (i gcás nárbh é an TR a d'iarr an tarraingt siar)</p>
<p>B. Pleanáil agus ullmhúchán</p>
<p>Cuireann an sean-TR in iúl do rannpháirtithe TR go bhfuil sé ar intinn aige scor d'oibríochtaí. Ullmhaíonn an TR/na TRanna an plean ascnaimh, mar a shonraítear i dTreoirlíne 3, agus cuireann sé faoi bhráid an ESMA agus an TR/na TRanna nua é. Pléann an ESMA agus na TRanna eile lena mbaineann aon agóidí nó údair imní a d'fhéadfadh a bheith ann agus tar éis iad a réiteach aontaíonn na páirtithe go léir ar mhionsonraí an phlean imirce.</p>
<p>Sainaithníonn an sean-TR na SFTanna atá faoi réir aistriú agus cuireann sé an fhaisnéis seo a leanas ar fáil don ESMA agus do na TRanna eile atá i gceist (mar chuid den phlean imirce nó ar leithligh) maidir leis na SFTanna atá faoi réir aistriú in aghaidh an TR:</p> <ul style="list-style-type: none"> ○ An staid is déanaí de na SFTanna gan íoc a fuarthas, i.e. an “staid trádála” ○ Líon iomlán na SFTanna gan íoc ○ Líon iomlán na dtaifead a bhaineann le teagmhais saolré a chomhfhreagraíonn leis na SFTanna seo le haghaidh tuarascálacha idirbhirt, corrlaigh agus athúsáide ○ Líon iomlán na dtaifead a bhaineann le SFTanna foirceanta agus aibíochta ○ Líon iomlán na dtaifead a bhaineann le SFTanna a ndearnadh earráid orthu ○ Líon iomlán na dtaifead a bhaineann le SFTanna diúltaithe arna dtuairisciú ag an rannpháirtí TR agus nár éirigh leo sna bailíochtaí sonraí ○ Líon na n-iontrálacha loga tuairiscithe ○ Líon iomlán na dtuarascálacha amach d'údaráis a bhaineann le diúltaithe san fhormáid XML agus líon na dtuarascálacha amach d'údaráis a bhaineann le stádas an réitigh san fhormáid XML
<p>C. Aistriú a chur i gcrích</p>
<p>A luaithe a dheimhnítear líon na SFTanna agus na dtaifead, ba cheart don sean-TR leanúint ar aghaidh ag giniúint an chomhaid/na gcomhad ábhartha i gcomhréir le Treoirlíne 5.</p>

Feidhmíonn an sean-TR agus na TRanna nua an plean ascnaimh. Aistrítear comhaid ghinte ón sean-TR go dtí an TR/naTRanna nua a admhaíonn gach aistriú.

Leantar an seicheamh ord tosaíochta do SFTanna agus do thaifid a chuimsítear i dTreoirlíne 15.

Más féidir, ba cheart SFTanna gan íoc a aistriú le linn agus laistigh de dheireadh seachtaine nó ar lá oibre comhaontaithe, agus teagmhais shaolré comhfhreagracha chuig na SFTanna seo le haghaidh tuarascálacha idirbheart, corrlaigh agus athúsáide a luaithe is féidir.

Más rud é nach féidir, ba cheart SFTanna gan íoc, mar sin, a dheighilt, in aghaidh gach rannpháirtí TR, ina dhá bhaisc nó níos mó le haistriú le linn an deireadh seachtaine dá éis nó ar laethanta oibre comhaontaithe. Ba cheart na himeachtaí saolré comhfhreagracha in aghaidh an bhaisc a aistriú a luaithe is féidir.

Ba cheart na SFTanna eile a aistriú a luaithe is féidir.

Déantar aon saincheistanna a shainiú agus aon dul chun cinn a dhéantar a thuairisciú go tráthrialta don ESMA.

D. Aistriú sonraí a fhíorú

Ba cheart go gcinneadh an TR/na TRanna nua na figiúirí agus an fhaisnéis seo a leanas do na taifid a fuarthas agus ba cheart go bhfíoródh siad iomláine an aistrithe:

- An staid is déanaí de na SFTanna gan íoc a fuarthas, i.e. an “staid trádála”
- Líon iomlán na SFTanna gan íoc
- Líon iomlán na dtaifead a bhaineann le teagmhais saolré chuig na SFTanna seo le haghaidh tuarascálacha idirbheart, corrlaigh agus athúsáide
- Líon iomlán na dtaifead a bhaineann le SFTanna foirceanta agus aibíochta
- Líon iomlán na dtaifead a bhaineann le SFTanna a ndearnadh earráid orthu
- Líon iomlán na dtaifead a bhaineann le SFTanna diúltaithe arna dtuairisciú ag an rannpháirtí TR agus nár éirigh leo sna bailíochtaí sonraí
- Líon na n-iontrálacha loga tuairiscithe
- Líon iomlán na dtuarascálacha amach d’údaráis a bhaineann le diúltaithe san fhormáid XML agus líon na dtuarascálacha amach d’údaráis a bhaineann le stádas an réitigh san fhormáid XML

Ba cheart do na TRanna nua toradh an fhíoraithe a chur in iúl don ESMA agus don sean-TR. I gcás teip fíorúcháin, déanann an dá pháirtí (sean-TRanna agus TRanna nua) imscrúdú ar an mbunchúis agus déantar an próiseas aistrithe arís agus arís eile go dtí go n-éiríonn leis an aistriú sonraí.

E. Fógraí deiridh

Ba cheart do na TRanna nua na rannpháirtithe TR ábhartha, na TRanna go léir atá fágtha agus na ÚINanna faoi seach a chur ar an eolas (trí ríomhphost) maidir le críochnú rathúil an aistrithe.

F. Taifeadadh agus sciosadh slán sonraí
--

Ba cheart don sean-TR na sonraí a aistríodh a choimeád chomh fada agus a shonraítear i dTreoirlíne 28 agus de réir riachtanais SFTR mar a bhí roimh an aistriú.

Ba cheart don sean-TR na sonraí aistrithe a sciosadh nuair a cheadaítear é sin agus de réir na bprionsabal ábhartha maidir le sciosadh slán atá san áireamh i dTreoirlíne 28.
